# Coláiste de hÍde

*Meas - Bród - Comhar*

**Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.**
**Fón** 01 4513984 **Facs** 01 4527075 **R-phost**: eolas@colaistedehide.ie
**Suíomh Idirlín** www.colaistedehide.ie

**Príomhoide:** Sarah Ní Mhuirí
**Príomhoide Tánaisteach:** Aodán de Paor

# Polasaí Tinrimh agus Poncúlachta

## 1. Ginearálta

### 1.1 Clár:

**Scóip:** Baineann an polasaí seo le daltaí, a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus baill foirne i gColáiste de hÍde, Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

### 1.2 Gaol le héiteas agus luachanna na scoile:

Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiníomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.

### 1.3 Comhthéacs:

Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhairle le baill uile phobal na scoile agus de réir sainspioraid na scoile. Ba chóir é a léamh in éineacht leis an bPolasaí um Shláinte is Sábháilteachta, Cód Iompair, Polasaí Bí Cinéalta agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca.

### 1.4 Réasúnaíocht:

Cuireadh an polasaí seo le chéile

a) Chun cosaint a thabhairt do dhaltaí, in éineacht leis na gnéithe eile de shaol na scoile;
b) Chun leanúnachas agus dul chun cinn a éascú i dtaobh an phróisis fhoghlama;
c) Chun a chinntiú go bhfaigheann na daltaí gach leas ó na deiseanna oideachais a fhaightear ar scoil;
d) Chun a dheimhniú go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus múinteoirí ar an eolas ar na dualgaisí atá orthu caighdeán tinrimh ard a chinntiú;
e) Chun é a dheimhniú go gcomhlíonann an scoil na dualgais dhleathacha atá uirthi, de réir an Achta Oideachais (Leas) 2000, agus de réir aon achta eile a bhaineann leis. De réir an an Achta, tá na Boird um Leas Oideachais bunaithe chun tinreamh scoile a mhaoirsiú ar bhonn náisiúnta agus tá Oifigeach Leasa Oideachais sannta do gach scoil. Tá freagracht ar an Oifigeach Leasa Oideachais comhthadhaill a dhéanamh leis an scoil i gcás aon fhadhbanna tinrimh. Tá dualgas ar an bPríomhoide an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas má tharlaíonn aon cheann daoibh seo a leanas:

i) Má chuirtear dalta ar fionraí ar feadh tréimhse sé lá nó níos faide;
ii) Más é comhiomlán na laethanta atá dalta as láthair ná fiche lá nó níos mó;
iii) Má bhaineann an Príomhoide ainm dalta den rolla tinrimh, pé cúis atá leis;
iv) Muna mbíonn dalta ag freastal ar an scoil go rialta, i dtuairim an Phríomhoide.

## 2. Clár an Pholasaithe

### 2.1 Spriocanna an Pholasaí seo:

a) Taifead cruinn a choimeád faoi cá háit a bhíonn daltaí le linn am scoile;
b) Daltaí a spreagadh chun a bheith freagrach as a gcuid poncúlachta agus a gcuid tinrimh féin;
c) Tuiscint na dtuismitheoirí a chothú ar an ról tábhachtach atá acu i dtaobh tinrimh a bpáistí;
d) Íosmhéid neamhláithreachta a chinntiú;

e) Pátrúin neamhláithreachta a aimsiú agus a leasú;
f) Cúnamh a thabhairt i dtaobh timpeallacht scoile a chothú ina mbraitheann gach dalta go bhfuil fáilte rompu;
g) Béim a leagadh ar thinreamh maith agus é a spreagadh;
h) Dea-chumarsáid a spreagadh idir an scoil agus tuismitheoirí/caomhnóirí;
i) Nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le monatóireacht a dhéanamh ar asláithreachta agus taifead a choimeád;
j) Gaolmhaireacht éifeachtach a chothú le gníomhaireachtaí ábhartha cosúil leis an mBórd Náisiúnta um Leas Oideachais (BNLO);
k) Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do dhaltaí nuair a thagann fadhbanna tinrimh chun cinn.

## 3. Straitéisí chun tinreamh maith a spreagadh

a) Cuirtear tinreamh maith chun cinn trí chultúr d'ionchais d'ardchaighdeán a chothú, ag spreagadh gach dalta chun a bheith freagrach as a gcuid foghlama féin agus dul chun cinn cuí a dhéanamh.
b) Tríd an gcuraclam ar fad, léirítear do dhaltaí cé chomh incriminteach is atá an t-oideachas agus léirítear na himpleachtaí atá ag drochthinreamh ar an bhfoghlaim. Tacaíonn an Clár Folláine leis seo.
c) Buaileann an Ceann Bliana agus/nó na múinteoirí ranga le daltaí atá fadhbanna tinrimh nó poncúlachta acu le seiceáil isteach agus aithnítear agus moltar feabhais.
d) D'fhéadfadh miondealú cuimsitheach den tinreamh ar Tyro a chur ar fáil do na tuistí.
e) Trí thimpeallacht chairdiúil agus chomhbhách a chothú agus a chaomhnú agus trí dhaltaí a spreagadh chun blathú daonna, tá súil againn go bhfreastalóidh gach dalta go rialta. Trí dhea-thinreamh a mholadh, tá súil againn go bhfreastalóidh gach dalta go rialta. Bronntar gradaim chun dea-thinreamh a mholadh.
f) Trí mhonatóireacht agus taifeadadh éifeachtach a dhéanamh, is féidir daltaí atá i mbaol fadhbanna tinrimh a bheith acu a aithint go luath. Is féidir tacaíocht a thabhairt do dhaltaí agus do thuismitheoirí trí mhúinteoirí, múinteoirí ranga, cinnblianta, comhairleoir treorach, Oifigeach Teagmhála Baile 's Scoile, Oifigeach Clár Críochnaithe Scoile agus Comhordaitheoir um Meabharshláinte Dhearfach agus Folláine.
g) Trí réimse leathan ábhair scoile a sholáthar, tá sé mar sprioc ag an scoil freastal ar riachtanaisí fairsinge na ndaltaí.
h) Mar chuid dár ngealltanas bheith inár scoil ionchuimsitheach, meas a bheith ar na difríochtaí idir daltaí agus na seirbhisí tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí le riachtanais breise oideachais. Tá súil againn go gcabhróidh na socraithe seo le gach dalta bheith ar a suaimhneas agus freastal ar an scoil go rialta.
i) Trí sholáthar comhchuraclaim agus seach-churaclaim agus trí dhaltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu, tá súil againn go bhfreastalóidh siad ar an scoil go rialta.
j) Trí chomhoibriú a dhéanamh le bunscoileanna áitiúla agus fhriothálacha chun fadhbanna féideartha maidir le tinreamh a aithint agus chun eolas agus comhairle a fháil a chabhróidh linn stráitéisí a fhorbairt.
k) Chun éiteas na scoile a léiriú trí dheileáil le gach cás de neamhláithreacht rialta ar bhonn cothrom agus mothálach, táthar ag súil le hardchaighdeáin tinrimh agus rannpháirtíochta a chothú.
l) Trí na spriocanna DEIS a bhaint amach.
m) Trí fheachtais tinrimh a eagrú.

## 4. Rólanna agus Freagrachtaí

**Dalta:**
- Freastal ar gach rang ar an amclár gach lá in am, seachas aon uair go bhfuil cúis bhailí ann gan é a dhéanamh.
- Nóta a bheith ag an dalta ón tuismitheoir/caomhnóir ar Tyro, agus iad ag teacht ar scoil déanach.

- Ní mór do dhalta siniú isteach agus amach ar an taibléid scoile i gcásanna déanachas agus imeacht luath ón scoil.
- Caithfear cead a fháil ón gCeannbliana chun imeacht ón scoil nuair nach bhfuil nóta ar an aip scoile.

**Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í):**
- Tacaíocht a thabhairt don Pholasaí Tinrimh seo, ar aon dul lena bhfreagrachtaí dleathacha (Acht Oideachais (Leas) 2000).
- Tinreamh rialta agus poncúlacht a ndaltaí a chinntiú agus aon neamhláithreacht nach bhfuil gá leis a sheachaint.
- Nóta mínithe a chur ar fáil dá mhac/iníon ar Tyro má tá siad ag teacht ar scoil déanach nó as láthair.
- Uimhreacha fóin póca a chur ar fáil don scoil in éineacht le huimhreacha 'éigeandála' eile, chun deimhin a dhéanamh de gur féidir teagmháil a dhéanamh leo más gá.
- Cloí leis na modhanna atá leagtha amach sa pholasaí seo i dtaobh daltaí a thógaint ón scoil le linn laethanta scoile; coinní tábhachtacha a eagrú, más féidir, i ndiaidh am scoile nó i rith laethanta saoire.
- Freagair aon chumarsáid a eisíonn an scoil maidir le tinreamh, an Scála Athbhreithnithe Measúnaithe Diúltaithe Scoile (SRAS-R) san áireamh nuair is cuí.

**Príomhoide:**
- Deimhnigh go bhfuil córais chuí ag an scoil chun taifead a dhéanamh ar láithreachtaí agus neamhláithreachtaí na ndaltaí.
- Monatóireacht rialta a dhéanamh ar an tinreamh.
- Tuairiscí a chur ar fáil don Oifigeach Leasa Oideachais mar is gá de réir an Acht um (Leas) Oideachais, 2000.
- Tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí a chur ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus an drochthionchar a bhíonn ag asláithreachtaí ar dhul chun cinn an dalta.

**Príomhoide Tánaisteach:**
- Comhoibriú leis an bhfoireann scoile an polasaí a chur i bhfeidhm.
- Teagmháil a dhéanamh leis na Cinnblianta chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le tinreamh daltaí áirithe.

**Múinteoir Ábhar:**
- Taifead cruinn a dhéanamh ar an tinreamh gach lá ar Tyro.
- Deimhnigh go dtuigeann daltaí tábhacht an tinrimh rialta agus na poncúlachta.

**Ceann Bliana:**
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thinreamh trí bhreathnú ar an gcóras Tyro.
- Chun dul i gcomhair leis an bhFoireann Tacaíocht Scolóire chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le tinreamh daltaí áirithe.
- Bualadh (in éineacht le ball foirne, más gá), le daltaí go bhfuil fadhbanna acu le tinreamh agus poncúlacht, chun plé a dhéanamh ar an gcás.
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a cheaptar go bhfuil dalta as láthair gan chead agus/má fhorbaíonn pátrún neamhláithreachais. Úsáid a bhaint as an Scála Athbhreithnithe Measúnaithe Diúltaithe Scoile (SRAS-R) nuair is cuí. Is gá an Príomhoide nó Príomhoide Tanáisteach a chur ar an eolas chomh maith.
- Is gá é a chur i gcuimhne do dhaltaí ag tionól go bhfuil tinreamh rialta agus poncúlacht riachtanach.
- Leasaithe a dhéanamh ar an gcóras Tyro go rialta maidir le tinreamh agus poncúlacht.

- Fógraí tinrimh a sheoladh abhaile ar Tyro chun tuistí a chur ar an eolas nuair a shroichtear méid laethanta.

**Múinteoir Ranga:**
- Béim a chur ar an tinreamh sa Rang Folláine.
- Mar chúram tréadach do dhaltaí atá drochthinreamh acu.
- Ag plé leis an gceannbliana má tá patrún feicthe nó má thagann aon fhadhb tinrimh eile chun cinn.

**Oifigeach Clár Críochnaithe Scoile:**
- Freastal ar chruinnithe leis an bPríomhoide, Príomhoide Tánaisteach agus na Cinnblianta, chun cúrsaí maidir le tinreamh a phlé.
- Bualadh leis na daltaí a bhfuil ag diúltú teacht ar scoil.
- Straitéis nó plean a chur i bhfeidhm do dhaltaí ainmnithe chun an tinreamh a fheabhsú.

**Oifigeach Teagmhála Baile 's Scoile:**
- A bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Foireann Tacaíocht Scoláire chun tacaíocht a thabhairt do thuistí mar gheall ar scoláirí ag diúltú teacht ar scoil nó daltaí le drochthinrimh.
- Teagmháil rialta le tuistí/caomhnóirí chun plean a chur i bhfeidhm nó chun tacaíocht a thabhairt dóibh cúiseanna drochthinrimh a aithint agus a fheabhsú. Úsáid a bhaint as an Scála Athbhreithnithe Measúnaithe Diúltaithe Scoile (SRAS-R) nuair is cuí.
- Chun comhairle a thabhairt do thuistí maidir le tacaíochtaí scoile agus tacaíochtaí lasmuigh den scoil.
- Rannpháirtíocht dhearfach idir an baile agus an scoil a chur chun cinn.
- Cuir leis an gcur chuige uile-scoile maidir le tinreamh a fheabhsú.

**Foireann Tacaíocht Scoláire:**
- Daltaí atá i mbaol maidir le drochthinrimh, coinneáil agus rannpháirtíocht scoile a aitint agus tacú leo barr a gcumas a bhaint amach sa chóras oideachais.
- Obair i gcomhpháirt leis an bhfoireann scoile agus gníomhaireachtaí pobail chun na torthaí dearfacha is fearr a fháil do na spriocdhaltaí agus a dteaghlaigh.

**Comhordaitheoir um Meabharshláinte Dhearfach agus Folláine:**
- Tionscnaimh folláine uile-scoile a chomhordú, pleananna gníomhaíochta folláine a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Tacú le daltaí leochaileacha agus dícheangailte agus idirghabhálacha agus tacaíochtaí daltaí a chomhordú.
- Caidrimh a chothú le teaghlaigh agus le gníomhaireachtaí seachtracha.
- Tionscnaimh tinrimh agus rannpháirtíochta a threorú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar shonraí folláine agus ar thionchar idirghabhálacha.
- Tionscnaimh guth na ndaltaí agus muintearais a chomhordú.

**Rúnaí Scoile:**
- Sonraí maidir le glaochanna ó thuistí a bhaineann le tinreamh/poncúlacht a chur ar an gcóras más gá;
- Bainistiú a dhéanamh ar dhaltaí ag síniú isteach agus amach ar an taibléid.

## 5. Gnáthaimh

### 5.1 Nósanna Imeachta

a) Déantar taifead ar an rolla ag tús gach rang ar Tyro. Tugtar nótaí maidir le neamhláithreacht ar Tyro.

b)  Is gá do dhaltaí a thagann ar scoil déanach síniú isteach ar an taibléid lasmuigh d'oifig an rúnaí. Marcálfar iad déanach ar Tyro.
c)  Is gá do dhalta atá ag fágáil na scoile luath mar gheall ar choinne a shíniú amach in oifig na scoile ar an taibléid. Is gá do thuistí nóta a chur ar Tyro le cúis fágála agus am.
d) Is gá do dhalta atá ag fágáil na scoile luath mar gheall ar thinneas cead fágala a lorg ón gCeannbliana. Cuirfidh an runaí glaoch abhaile ar a son.
e) Má tá dalta as láthair toisc gníomhaíocht atá bainte leis an scoil, is gá do bhaill foirne é a thaifead ar Tyro mar 'Gníomhaíocht Scoile'. Is gá do mhúinteoirí a eagraíonn gníomhaíochtaí scoile liosta d'ainmneacha na ndaltaí a bhíonn páirteach ann a mharcáil ar Tyro.
f) Cuirfidh an scoil féilire ar fáil do thuismitheoirí ina bhfuil eolas maidir le huaireanta oscailte na scoile, na laethanta saoire agus cruinnithe na dtuistí.
g) Moltar do thuismitheoirí gan a bpáistí a thógáil ón scoil i rith téarmaí scoile.

**5.2 Coinní Leighis/Tinneas**

Má tá cead faighte ag dalta chun an scoil a fhágáil go luath m.sh. roimh coinne leighis, caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí deimhin a dhéanamh de go bhfuil nóta aige/aici ar Tyro. Caithfidh an Ceannbliana an nóta fágála a dheimniú sula bhfágann an dalta talamh na scoile.

Má éiríonn dalta breoite ar scoil, is gá dóibh múinteoir ranga nó ceannbliana a chur ar an eolas. Tabharfar cead do na daltaí dul chuig an oifig inar féidir teagmháil a dhéanamh lena dtuismitheoirí chun socrú a dhéanamh é/í a bhailiú.

**5.3 Teagmháil a dhéanamh leis an scoil i gcás neamhláithreachta**

Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil chomh luath agus is féidir chun é a chur in iúl don scoil go mbeidh a pháiste/páiste as láthair. Is féidir é seo a dhéanamh ar Tyro.

I gcás go bhfuil dalta as láthair ar feadh i bhfad, ba chóir teagmháil a choimeád leis an gCeannbliana agus má tá an neamhláithreacht fadtéarmach mar thoradh ar bhreoiteacht, ba chóir nóta ó dhochtúir a bheith acu chomh maith.

**6. Taifead ar neamhláithreach leanúnach:**

Nuair atá dalta as láthair ar feadh tréimhse fhada, d'fhéadfadh an scoil dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí/ caomhnóirí. Is é leas an pháiste príomhchúram Choláiste de hÍde agus tá teagmháil agus cumarsáid rialta riachtanach.

**6.1 Má tá dalta ar Fionraí:**

D'fhéadfadh dalta bheith as láthair toisc go bhfuil siad ar fionraí mar thoradh ar rialacha na scoile a bhriseadh. Má tharlaíonn sé seo, beidh an scoil i gcomhairle le tuismitheoirí roimh ré agus moltar do dhaltaí an t-am seo a úsáid chun staidéar/ obair bhreise a dhéanamh.  I gcásanna mar seo, nuair atá dalta ar fionraí, ní féidir leo bheith ar áitreabh na scoile, nó bainteach le gníomhaíochtaí scoile.

**6.2 Socruithe maidir le Comhpháirtíocht:**

Déanfaidh an scoil nasc leis na comhlachtaí ábhartha agus rachaidh siad i dteagmháil leis na seirbhisí ábhartha más gá de bharr tinrimh.

### 6.3 Poncúlacht

De réir Chód Iompar na scoile, má tá déanachas leanúnach i gceist, cuirefear smachtbhanna cuí i bhfeidhm.

**<u>Dáta Athbhreithnithe ar an bPolasaí</u>**

Meitheamh 2028